# Cód Iompair do Bhaill an Bhoird

**I bhfeidhm ó: Aibreán 2001**

## CONTENTS


| | | Page |
|---|---|---|
| 1 | Réamhrá | 3 |
| 2 | Luachanna a mBítear ag súil leo uathu sin sa tSeirbhís Phoiblí | 4 |
| 3 | Caidreamh le Máthair-Ranna | 5 |
| 4 | Pleanáil Straitéiseach agus Stiúradh na hEagraíochta | 5 |
| 5 | Freagrachtaí an Chathaoirligh | 5 |
| 6 | Dualgais Bhaill an Bhoird | 6 |
| 7 | Dualgas Poiblí agus Leas Príobháideach/Coinbhleacht Leasa | 8 |
| 8 | Dliteanas Pearsanta | 10 |
| 9 | Tiomnú Freagrachtaí | 11 |
| 10 | Freagracht le Cistí Poiblí | 11 |
| 11 | Tuairisciú Bliantúil | 12 |
| 12 | Ról na Foirne Sinsearaí/An Príomhfheidhmeannach | 12 |
| 13 | Ceisteanna a bhaineann le Fostaíocht | 13 |
| 14 | An Cód á Chur i bhFeidhm | 14 |
| 15 | Caidreamh Prótacail | 14 |
| 16 | Athruithe sa Chód amach anseo | 15 |

## 1 RÉAMHRÁ

Is ceart an Cód Iompair a thuairiscítear thíos a léamh i gcomhar le hAcht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus bunú na gComhlachtaí Forfheidhmithe. Bítear ag súil go gcoinneoidh Baill Bhoird Fhoras na Gaeilge na caighdeáin is airde seirbhíse poiblí de réir mar a léirítear sna luachanna thíos agus sa Chód Iompair ginearálta mar threoirlínte don bharrchleachtas.

Bítear ag súil go ndéanfaidh Baill an Bhoird go hiomlán de réir aon ghné de Chód Iompair a cheadaíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, lena n-áirítear iad sin ar rochtain chun eolais agus fógairtí leasa.

Tá cúlra na heagraíochta áirithe mar aguisín agus baineann an Cód Iompair le heolas a fhaightear sa Mheamram Airgeadais, sa Scéim Chomhionannais agus in Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, chomh maith.

Féachann Foras na Gaeilge le:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhneoireacht sa saol príobháideach agus sa saol poiblí sa Deisceart, agus i gcomhthéacs Chuid III de Chairt Chomhairle na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- Comhairle a chur ar an dá chóras riaracháin, ar chomhlachtaí poiblí agus ar ghrúpaí eile san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach;
- Dul i mbun tionscadal tacaíochta agus cúnamh deontais a chur ar fáil do chomhlachtaí agus grúpaí, de réir mar a mheastar é sin a bheith riachtanach;
- Dul i mbun taighde, feachtas cur chun cinn agus caidrimh phoiblí agus caidrimh leis na meáin;
- Téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- Tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Gníomhóidh Foras na Gaeilge go straitéiseach i dtaca le pleanáil agus polasaí, rachaidh sé i mbun tionscnamh sonrach, maoineoidh sé eagraíochtaí agus tionscnaimh sheachtracha, agus cuirfidh sé an leibhéal cuí soláthair foirne inmheánaí, bainistíochta agus seirbhísithe ar fáil chun cuspóirí a bhaint amach.

Maoinítear Foras na Gaeilge trí leithdháiltí ó Thionól Thuaisceart Éireann agus ón Oireachtas le hionchur agus treoirlínte ó na máthair-Ranna agus ón gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas. Is ceart go gcoinneofaí caiteachas Fhoras na Gaeilge laistigh de theorainn an leithdháilte airgeadais agus luíonn an fhreagracht as a chinntiú sin ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an mBord.

Beidh Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus tríd an gcomhlacht sin beidh sé freagrach do Thionól Thuaisceart Éireann agus don Oireachtas, agus dá Ranna faoi seach.

## 2 LUACHANNA A mBÍTEAR AG SÚIL LEO UATHU SIN SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Is ceart go dtuigfeadh Baill na luachanna thíos a aithnítear mar rud lárnach dóibh sin ar mian leo dul le seirbhís phoiblí, agus go gcloífidís leis na luachanna sin.

- **Neamhchlaontacht** – Is ceart go mbeadh Baill ar an eolas i gcónaí faoina ndualgas i ndáil le maoirseacht ar chistí poiblí chomh neamhspleách agus is féidir gan fabhar;
- **Freagracht** – Tá an Bord freagrach don phobal agus dá mháthair-Ranna, agus is ceart go mbeadh sé ullamh lena chur faoi pé scrúdú a oireann. Is ceart go mbeadh an Bord ar an eolas faoina ról i ndáil le maoirseachta ar chistí poiblí (chun go n-áireofaí gach táille agus foinse eile ioncaim/caiteachais), agus go mbeidís ar an eolas i gcónaí ar an méid a bhaintear príomhspriocanna amach;
- **Ionracas** – Ní ceart go mbainfeadh Baill leas as a bpost chun aon íocaíocht nó cúiteamh a fháil, toiliú nó glacadh lena leithéid nó iarracht a dhéanamh a leithéid a fháil as dualgas a bhaineann lena seirbhís. Ní ceart go bhfaighidís aon leas a d’fhéadfadh go dearbh nó go soiléir amhras a tharraingt ar a mbreithiúnas nó ionracas;
- **Oibiachtúlacht** – Agus cinntí á nglacadh is gnó poiblí á dhéanamh ina n-áirítear coinní poiblí a dhéanamh, conarthaí a bhronnadh nó moltaí a dhéanamh i leith luach saothair agus sochair, is ceart go ndéanfadh Baill roghanna de réir fiúntais;
- **Oscailteacht** – Is ceart go mbeadh Baill agus an Bord chomh hoscailte agus is féidir faoi gach cinneadh agus próiseas óna n-eascraíonn cinntí, agus faoi ghníomhartha a dhéanann siad. Is ceart go míneofaí cinntí agus nach srianfaí eolas ach má tá leas an phobail níos leithne i gceist. Is ceart go ndéanfadh an Bord go hiomlán de réir na bprionsabal Rialtais Oscailte;

- **Tuisceanacht** – Is ceart go gcinnteodh an Bord go bhféadfadh sé a chruthú go bhfuil sé ag baint úsáide as acmhainní le dea-thoradh agus gan réasún le critic go bhfuil siad á n-úsáid ar chúiseanna príobháideacha, claonta nó polaitiúla. Is ceart go gcinnteodh an Bord gur ann do nós imeachta le haghaidh gearán, ina n-áirítear míriaradh agus ina gclúdaítear teip chun rochtain ar eolas a chur ar fáil;

- **Macántacht** – Tá dualgas ar Bhaill leasa príobháideacha a fhógairt a bhaineann lena gceapachán agus céimeanna a ghlacadh chun aon choinbhleachtaí féideartha a réiteach a chosnaíonn iad féin agus an leas poiblí araon;

- **Ceannaireacht** – Bítear ag súil go gcuirfidh Baill an Cód agus na prionsabail seo chun cinn trí shampla;

- **Luach ar Airgead** – Is ceart go ndéanfadh Baill maoirseacht ar sheachadadh seirbhísí intí, agus ar sheachadadh na seirbhísí sin dá bhfothairgtear, mar na seirbhísí is eacnamaíche, éifeachtaí agus éifeachtúla, le measúnú cuí ar fheidhmiú.

## 3 CAIDREAMH LE MÁTHAIR-RANNA

Déanfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas an fhrámaíocht polasaí agus airgeadais a fhoirmíonn Foras na Gaeilge a údarú, agus ceadóidh sí a Phleananna Corparáideacha agus Oibrithe, lena n-áirítear príomhspriocanna feidhmithe.

Cuirfidh na máthair-Ranna comhairle ar a nAirí faoi seach faoi oibriú agus polasaí Fhoras na Gaeilge.

Sa Mheamram Airgeadais leagtar amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe freagrachta a rialaíonn na socruithe airgeadais idir Foras na Gaeilge agus na máthair-Ranna. Tagraítear dóibh sin i ngnéithe den Chód thíos chomh maith.

## 4 PLEANÁIL STRAITÉISEACH AGUS STIÚRADH NA HEAGRAÍOCHTA

Is ceart go gceadódh Baill na Pleananna Corparáideacha agus Oibríochta, agus go gcinnteoidís go gcloífí le straitéisí na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

## 5 FREAGRACHTAÍ AN CHATHAOIRLIGH

Beidh an Cathaoirleach freagrach go príomha as ceannaireacht straitéiseach Fhoras na Gaeilge agus cuirfidh sé nó sí úsáid an Chóid Iompair chun cinn. Nuair a théann Baill an Bhoird i mbun poist is ceart go gcinnteodh an Cathaoirleach go dtugtar mionteagasc go cuí dóibh faoina gceapachán agus faoin gCód, a ndualgais, a gcearta agus a bhfreagrachtaí. Is ceart go ndéanfadh an Cathaoirleach deimhin

de go bhfuil cóip den Chód Iompair agus de na Buan-Orduithe d'Fhoras na Gaeilge, agus gach tuairisc chúlra bhainteach eile lena n-áirítear na Pleananna Oibrithe agus Corparáideacha, cuntais nuashonraithe agus an Meamram Airgeadais, ag gach Ball den Bhord. Is ceart go spreagfadh an Cathaoirleach Baill an Bhoird le freastal ar chúrsa ar dhualgais Ball Boird comhlachtaí poiblí.

Is ceart go ndéanfadh an Cathaoirleach go comhréireach:

- **Straitéis** - smaointeoireacht straitéiseach a spreagadh agus ceannaireacht straitéiseach a sholáthar;
- **Sampla agus cuibheas** – an Bord agus an fhoireann ball a stiúradh agus gníomhú le sampla cóir i dtaca leis na Cóid;
- **Cloí le haidhmeanna na máthair-Rann** – a chinntiú go gcloíonn an Bord le haidhmeanna agus frámaíocht polasaí na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas;
- **Tuairimí an Bhoird a léiriú go poiblí –** an eagraíocht agus a raon cúraimí a chur chun cinn a éifeachtaí is féidir;
- **Measúnú ar Bhaill an Bhoird** – measúnú ar fheidhmiú Bhaill an Bhoird a sholáthar má iarrann na máthair-Ranna nó an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas é, ina n-áirítear, b'fhéidir, athcheapadh féideartha don Bhord nó do chomhlacht poiblí eile;
- **Cruinnithe Boird a riar** – a chinntiú go dtagann an Bord le chéile ag tráthanna rialta, ag comhlíonadh amscálaí comhaontaithe nuair a oireann, ag déanamh cathaoirleachta go cuí ar na cruinnithe sin de réir na mbuanorduithe, agus a chinntiú go gcoinnítear taifid chuí agus chruinne ar na cruinnithe;
- **Ionadaíocht an Bhoird le máthair-Ranna agus maoinitheoirí** – ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Bhoird agus na heagraíochta leis na máthair-Ranna agus leis an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas nuair is cuí, mura dtiomnaítear an t-údarás sin do Bhaill eile den Bhord. Ar ghnóthaí laethúla déanfar idirchaidreamh leis na máthair-Ranna tríd an bPríomhfheidhmeannach agus tríd an bhfoireann shinsearach;
- **Caidreamh idir an fhoireann agus an Bord –** a chinntiú go dtugtar mionteagasc cuí do Bhaill láithreacha agus nua faoin eagraíocht agus go bhfaigheann siad an doiciméadú cuí go léir. Ina theannta sin, déanfaidh an Cathaoirleach cúrsa ionduchtúcháin do na Baill go léir a éascú má oireann. Cinnteoidh an Cathaoirleach go dtugtar mionteagasc do na Baill go léir ar chaidreamh oiriúnach le baill foirne i dtaca le freagrachtaí straitéiseacha agus ceisteanna bainistíochta laethúla.

## 6 DUALGAIS NÓ/AGUS FREAGRACHTAÍ BHAILL AN BHOIRD

Is ceart go mbeadh Baill an Bhoird ar an eolas go hiomlán faoin gCód Iompair agus go dtoileoidís leis mar threoirlínte dá seirbhís ar Fhoras na Gaeilge, lena n-áirítear cloí le prionsabail agus luachanna an tsaoil phoiblí mar a aithnítear thuas. Go ginearálta, is ceart go gcloífeadh Baill an Bhoird lena ndualgas i dtaca lena bhfeidhmeanna poiblí a chomhlíonadh go réasúnach agus de réir an dlí, agus na caighdeáin eiticiúla a rialaíonn a ról a aithint. Ar an gcaoi sin is ceart dóibh a chinntiú go ndéanann Foras na Gaeilge de réir riachtanas reachtúil agus riaracháin i dtaca le cistí poiblí a úsáid agus go gcomhlíonann sé na freagrachtaí dlíthiúla a chuirtear air. Is ceart go ndéileálfaidís (agus go ndéileálfadh baill foirne Fhoras na Gaeilge) leis an bpobal go héifeachtach agus le hionbhá, ag coinneáil an chaighdeáin is airde iompair agus seirbhíse is féidir.

Is ceart go leanfadh Baill an Bhoird prionsabail an tsaoil phoiblí mar atá siad leagtha amach sna haguisíní agus go gcinnteoidís go gcomhlíonann siad na treoirlínte barrchleachtais atá cinntithe.

- **Cloí le riachtanais seirbhíse poiblí i dtaca le dualgais reachtúla, airgeadais agus riaracháin** – a chinntiú go n-oibríonn an Bord laistigh de theorainneacha a údaráis reachtúil agus aon údaráis tiomnaithe ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus de réir coinníollacha a ghabhann le cistí poiblí a úsáid;

- **Caighdeáin arda ionracais a chothabháil** – agus treorú a eisíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas a chomhlíonadh sna cinntí a dhéantar;

- **Cloí le stiúradh agus comhairle na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas** – a chinntiú go bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí Fhoras na Gaeilge i gcomhréir le haidhmeanna agus cuspóirí na máthair-Rann agus na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas;

- **Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus baint amach na físe corparáidí** – na Pleananna Corparáideacha agus Oibrithe bainteacha a chomhaontú agus spriocanna atá le comhlíonadh a shocrú;

- **Feidhmiú le húdarás reachtúil agus aon choinníollacha eile a chuireann máthair-Ranna i bhfeidhm –** déanamh gach tráth de réir na gCód a cheadaíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus leis na rialacha a bhaineann le cistí poiblí a úsáid;

- **Caighdeáin bhainteacha agus freagracht pearsan aonair a chur i bhfeidhm –** mar phearsana aonair agus i dtaca leis an gcaighdeán is airde rialaithe chorparáidigh;

Agus is ceart dóibh a chinntiú go gcomhlíonann siad an treorú seo a leanas:

- **Páirtíocht páirtí pholaitiúil –** is féidir le Baill dul i mbun gníomhaíochta polaitiúla ach is ceart dóibh a bheith comhfhiosach i gcónaí faoina ndualgais phoiblí agus críonnacht cheart a léiriú. Bítear ag súil nach nglacfaidh siad poist íoctha i bpáirtí polaitiúil. Ní bhainfidh Baill úsáid as a bpost ar Bhord Fhoras na Gaeilge ar mhaithe le tairbhe páirtí pholaitiúil nó tairbhe polaitiúil pearsanta agus ní dhéanfaidh siad d'aon turas Foras na Gaeilge a nascadh le haon pháirtí polaitiúil ar leith;

- **Polasaí comhshaoil** – Is ceart go gcinnteodh na Baill go n-oibríonn Foras na Gaeilge polasaí slán comhshaoil laistigh de na treoirlínte agus den reachtaíocht sa dá dhlínse;

- **Ceisteanna comhionannais** – Is ceart go gcinnteodh na Baill go ndéanann oibriú an Bhoird agus Fhoras na Gaeilge de réir na reachtaíochta comhionannais atá inchurtha i bhfeidhm sa dá dhlínse;

- **Baill aonair a scor as oifig** – Is ceart go mbeadh na Baill ar an eolas gur féidir iad a scor as oifig má theipeann orthu na dualgais lena mbítear ag súil uathu a chomhlíonadh nó mura sroicheann siad na caighdeáin pháirtíochta lena mbítear ag súil sa saol poiblí mar a thuairiscítear sa Chód. Is féidir leis an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas Ball a scor as a phost:

    - má theipeann air nó uirthi a f(h)eidhmeanna a chomhlíonadh ar feadh tréimhse trí mhí gan leithscéal réasúnach;

    - má chiontaítear i gcoir é/í;

    - má dhéantar ordú féimheachta ina (h)aghaidh, nó má dhéanann sé/sí comhshuíomh nó socrú lena c(h)reidiúnaithe;

    - mura bhfuil sé/sí in ann a f(h)eidhmeanna a chomhlíonadh.

    Sa chás go n-éiríonn Ball den Bhord as a p(h)ost nó go scoirtear as a p(h)ost é/í, ceapfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas Ball Boird don chuid eile den téarma oifige.

- **Ar fhágáil an Bhoird** – Beifear ag súil go gcoinneoidh na Baill rúndacht oibriú an Bhoird agus rúndacht gach plé agus cinnte a dhéantar mar chuid den Bhord.

## 7 DUALGAS POIBLÍ AGUS LEAS PRÍOBHÁIDEACH / COINBHLEACHT LEASA

Is ceart go mbeadh Baill ar an eolas faoi na contúirtí a ghabhann le coinbhleacht leasa fíor nó measta fad a sheirbheáiltear ar Fhoras na Gaeilge.

- **Rialacha don luath-aithint –** Is ceart go bhfógródh Baill a luaithe is féidir go praiticiúil aon leas díreach nó indíreach (airgid nó eile) a chreideann siad go mbaineann sé le haon ghné dá ról mar Bhall agus a bhféadfaí a mheas go mbeadh claonadh aige i mbreithiúnas;

- **Fógairt leasa –** Ní mór do gach Ball den Bhord aon leas pearsanta, pobail nó gnó a d'fhéadfadh teacht salach ar a mballraíocht den Bhord a fhógairt. Is ceart é sin a dhéanamh ag tús a dtionachta oifige agus a athnuachan go bliantúil ina dhiaidh sin ar a laghad;

- **Clárú leas ar bhonn bliantúil –** Coinneoidh an Bord clár leas inar ceart a áireamh liosta leas díreach nó indíreach airgid Bhaill an Bhoird a bhféadfadh daoine den phobal a mheas fúthu go n-imreoidís tionchar ar bhreithiúnas na mBall Boird. Agus barrchleachtas á leanúint, áireoidh an Bord sa chlár liosta leas neamhairgid a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge, agus leas dhlúthbhaill an teaghlaigh agus na ndaoine sin a a chónaíonn sa teaghlach céanna le Baill an Bhoird. Is ceart go ndéanfaí an clár sin a nuashonrú de réir mar, agus nuair, a bhaineann leas le Ball aonair den Bhord agus tá sé mar fhreagracht ar an mBall sin den Bhord é a ardú. Beidh freagracht ar an gCathaoirleach as idirchaidreamh a dhéanamh le Baill an Bhoird faoi nithe a áireamh ar an gclár, maoirseacht a dhéanamh ar an nuashonrú agus foilsiú bliantúil an chláir. Agus an clár á oscailt don phobal is ceart go gcinnteodh an Bord cúrsaíocht chomh leathan agus a bhaineann sé le hábhar agus go n-áireofaí na sonraí sa tuarascáil bhliantúil;

- **Bronntanais/Fáilteachas** – Is ceart go mbeadh na Baill faichilleach nuair a ghlacann siad le fáilteachas nó bronntanais [d'aon chineál], ach go háirithe ó eagraíochtaí nó pearsana aonair a bhfuil leas airgid nó eile acu, nó a bhféadfadh a leithéid a bheith acu sa todhchaí, in oibriú Fhoras na Gaeilge. Is ceart go mbeadh an dearcadh ag na Baill gan glacadh le bronntanas/fáilteachas dá leithéid. Is ceart aon bhronntanas nó fáilteachas a nglactar leis a bhfuil luach nach lú ná £125stg aige a thaifeadadh sa Chlár Leas. Is ceart comhairle a iarraidh ar an gCathaoirleach nó ar an bPríomhfheidhmeannach má tá ábhar imní díreach nó indíreach ag aon Bhall i dtaca lena (h)iompar féin nó le hiompar daoine eile.

    - Go ginearálta, ní ceart fáilteachas, bronntanais agus siamsaíocht a thairgeadh ná ní ceart glacadh lena leithéid ach sa chás go mbíonn gá dáiríre ann i dtaca le heolas a thabhairt nó ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na heagraíochta.

- **Oscailteacht –** Is ceart go ndéanfadh Baill straitéis a bhreithnniú i dtaca le cloí le haon chód cleachtais ar rochtain chun eolais Rialtais, agus go n-áireofaí ann polasaí ar fhreagairt phras ar fhiosruithe phoiblí;

- **Cosaint eolais oifigiúil** – Ní mór do Bhaill eolas oifigiúil a chosaint atá ina seilbh nó a fhaightear faoi rún le linn a ndualgas mar Bhaill Bhoird agus déanamh de réir aon riachtanais dlí ina leith sin;

- **Nochtadh eolais oifigiúil** – Ní bhainfidh Baill úsáid/mí-úsáid as eolas a fhaightear mar Bhall den Bhord dá leas príobháideach féin nó do leas príobháideach daoine eile nó do leas polaitiúil, agus ní chuirfidh siad a leasa príobháideacha nó daoine, cuideachtaí, gnólachtaí nó eagraíochtaí eile a bhfuil nasc acu leo chun cinn;

- **Rúndacht** – Ní nochtfaidh Baill eolas rúnda ná sonraí plé agus gnó a dhéantar ag cruinnithe Boird le pearsana aonair, le heagraíochtaí nó leis an bpobal lasmuigh den Bhord;

- **Riachtanais agus leasa dlí –** Is ceart go bhfaigheadh an Bord comhairle dlí ar iarmhairt aon fhorálacha reachtúla a bhaineann leis, agus aon ghnó éiginnteachta i dtaca le dliteanais na mBall;

- **Tarraingt siar ó chruinnithe –** Is gá nach nglacfaidh Baill den Bhord páirt i bplé nó i gcinneadh ar ghnóthaí ina bhfuil leas díreach airgid nó neamhairgid acu. Ní mór do na Baill a bheith ar an eolas nuair atá leas díreach nó indíreach airgid nó neamhairgid acu go bhféadfadh aon pháirt a ghlacann siad claonadh sa phróiseas cinnteoireachta a thabhairt le fios, go haireachtálach nó de réir mar atá go fírinneach, ag caitheamh drochmheasa ar an mBord go léir. D'áireofaí i leas bainteach Ball, dlúthghaol teaghlaigh nó duine a chónaíonn sa teaghlach céanna, gnólacht nó eagraíocht lena bhfuil an Ball nasctha. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ann bronnadh tionachtaí nó deontas nó ceist sochair dá leithéid don phearsa aonair, don ghnólacht nó don eagraíocht. Is ceart an leas airgid nó neamhairgid a fhógairt (i dtaca leis an mBall nó dlúthbhall teaghlaigh nó duine a chónaíonn sa teaghlach céanna, gnólacht nó eagraíocht lena bhfuil an Ball nasctha) roimh thús an phlé nó a luaithe a éiríonn coinbhleacht soiléir, agus é a thaifeadadh sna miontuairiscí ansin.

  Maidir leis an suíomh thuas bítear ag súil go dtarraingeoidh an Ball Boird siar ón gcruinniú le linn an phlé agus an chinnidh ar an ngnó i gceist, mar go bhféadfadh sé a mheas go n-imreodh láithreacht leanúnach an Bhaill claonadh ar chinneadh nó breithiúnas na mBall eile den Bhord.

  Nuair a thagann an suíomh sin chun solais, ar leasa airgid agus neamhairgid araon, ní ceart ach an cinneadh i dtaca leis an ngnó a chur in iúl don Bhall/do na Baill a tharraingíonn siar ón gcruinniú de dheasca coinbhleachta.

- **Post i dtaca le grúpaí údaraithe** – Is ceart go mbeadh Baill ar an eolas go mbíonn feidhm ag an roinn faoi **Tarraingt siar ó chruinnithe** nuair atá nasc ag Baill le heagraíocht nó grúpa atá páirteach sa phlé a bhféadfaí a áireamh ann sochar airgid nó neamhairgid don eagaíocht nó grúpa; agus gur ceart go gcuirfí na rialacha fógartha agus siartharraingthe i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ag an mBord le comhairle sheachtrach nuair atá rannpháirteachas leanúnach sa phlé agus sa chinneadh ó Bhall inghlactha ag cuimhneamh ar a ról ionadaíochta thar ceann eagraíochta seachtraí nó grúpa sheachtraigh. Is féidir le Baill, áfach, ar cheist neamhairgeadais, aighneacht a dhéanamh thar ceann grúpa nó eagraíochta ar leith. Ní ceart é sin a dhéanamh ach sa chás go bhfuil a leas fógartha, go bhfuil ceadú an Bhoird acu, agus go dtarraingíonn siad siar ó aon phlé agus cinneadh a bhaineann leis an gceist atá idir chamáin nó leis an ngrúpa nó eagraíocht. Ní ceart go bhfaighidís miontuairiscí an phlé agus an chinnidh ansin.

Nuair atá tairiscint, conradh nó deontas i gceist, ní ceart go ndéanfadh Baill den Bhord aighneacht nó go bhfreastalóidís ar chur i láthair thar ceann eagraíochta ina bhfuil leas acu, ach amháin má thoilíonn an Bord a mhalairt. Ní ceadmhach dóibh eolas rúnda a fhaightear mar Bhall den Bhord a chur ar fáil don eagraíocht sin a bhféadfaí an chiall a bhaint as go raibh buntáiste á thabhairt don eagraíocht sa nós imeachta tairisceana nó soláthair deontais.

## 8 DLITEANAS PEARSANTA

- **Comhdhliteanas agus dliteanas pearsan aonair** – Is dóichí go mbeidh aon imeachtaí dlí a thionscnaítear in aghaidh Fhoras na Gaeilge in aghaidh an Bhoird go comhchoiteann mar chomhlacht corparáideach, cé gur ceart go mbeadh Baill ar an eolas go bhféadfadh cásanna aonair a bheith bainteach i roinnt cásanna sa dlí sibhialta nó coiriúil. Ní ceart go mbeadh ar aon Bhaill den Bhord a ghníomhaíonn le dea-rún, go hionraic agus go réasúnach, gan faillí agus ag cloí leis na treoirlínte seo, aon dliteanas sibhialta pearsanta a íoc as a n-acmhainní pearsanta féin;

- **Árachas agus slánaíocht** – Is ceart go gcinnteodh an Cathaoirleach go bhfuil cumhdach cuí slánaíochta nó árachais curtha ar fáil ag Foras na Gaeilge do Bhaill an Bhoird.

## 9 TIOMNÚ FREAGRACHTAÍ/DUALGAS

- **Tascanna laethúla foirne laistigh den fhrámaíocht straitéiseach a shocraíonn an Bord** – Is ceart gnóthaí bainistíochta laethúla a thiomnú do bhaill foirne a mhéad is féidir go praiticiúil laistigh den fhrámaíocht atá comhaontaithe ag an mBord agus go gcloífí leis an Meamram Airgeadais i dtaca le ról agus freagrachtaí foirne agus Ball den Bhord.

- **Struchtúir choistí** – Is ceart coistí a bhunú más gá agus is ceart go n-áireofaí iontu Coiste Iniúchóireachta dá bhforáiltear sa lámhleabhar. Is ceart aon bhunú Coiste a thaifeadadh go cuí i miontuairiscí an Bhoird. Ní ceart go gcuirfeadh coistí isteach ar thasc bainistíochta laethúla na foirne.

## 10 FREAGRACHT LE CISTÍ POIBLÍ

Is ceart go mbeadh Baill an Bhoird eolach faoin gcaidreamh idir Foras na Gaeilge agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus faoina bhfreagracht don Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus tríothu sin do Thionól Thuaisceart Éireann agus don Oireachtas.

Is ceart go mbeadh Baill ar an eolas de shíor faoin ngá le maoirseacht a dhéanamh ar úsáid chuí, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní, agus an úsáid sin a chinntiú, agus is ceart go bhfaighidís eolas agus comhairle ar na gnóthaí sin ón bPríomhfheidhmeannach.

- **Caomhnóirí sócmhainní –** Ní mór do Bhaill a bheith ar an eolas faoina n-oibleagáidí agus a bhfreagrachtaí mar chaomhnóirí maoinithe phoiblí agus feidhmiú laistigh dá n-oibleagáidí agus dualgais reachtúla;

- **Úsáid eacnamaíoch agus éifeachtach acmhainní –** Is ceart go gcinnteodh an Bord go mbaintear an úsáid is éifeachtaí, is éifeachtúla agus is eacnamaíche as acmhainní gach tráth;

- **Ról Coistí/Coiste Iniúchóireachta** – Is féidir le Baill coistí a bhunú de réir mar is gá chun riar cuí gnó an Bhoird a chinntiú, ach is ceart ach go háirithe go mbunóidís coiste chun déileáil le gnóthaí airgeadais mionsonraithe i gCoiste Iniúchóireachta. Is ceart go mbeadh Ball Boird neamhfheidhmiúcháin, nach é/í an Cathaoirleach é/í, a bhfuil taithí aige/aici ar ghnóthaí airgeadais, sa chathaoir ar an gCoiste Iniúchóireachta. Oibreoidh an Coiste Iniúchóireachta go dlúth leis an Oifigeach Cuntasaíochta ar ceart go bhfreastalódh sé/sí ar gach cruinniú seachas nuair atá feidhmiú an Oifigigh Cuntasaíochta féin á phlé. Is ceart moltaí aon choiste a chur faoi bhráid an Bhoird le haghaidh ceadaithe. Ní ceart go gcuirfeadh coistí isteach ar an údarás a thiomnaítear don fhoireann chun an eagraíocht a oibriú.

## 11 TUAIRISCIÚ BLIANTÚIL

- **Táirgeadh meicníochta tuairiscithe bhliantúil agus foilsiú cuntas** – Is ceart go n-áireodh an Bord sa tuarascáil bhliantúil ráiteas iomlán cuntas agus conas a d'úsáid sé acmhainní poiblí chun aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach. Is ceart cuntais a ullmhú le treorú ó mháthair-Ranna, le ceadú ón Roinn Airgeadais. Go hidéalach, is ceart gur doiciméad amháin atá sa tuarascáil bhliantúil agus sna cuntais, le fógraíocht chuí. Is ceart go n-áireofaí inti ráiteas ó na hIniúchóirí ag dearbhú comhréire leis na cuntais bhliantúla. Is ceart í a chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus dhá Theach an Oireachtais de réir an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann inar bunaíodh na Comhlachtaí Forfheidhmithe, agus an Meamram Airgeadais;

- **Cloí le treorú don chuntasaíocht lena n-áirítear ceapadh Iniúchóra** – Is ceart comhairle ar chuntasaíocht a ghlacadh ó Oifigeach Cuntasaíochta na heagraíochta, ina n-áirítear trí oibriú an Choiste Iniúchóireachta. Déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Thuaidh agus Theas, iniúchóireacht ar bhonn bliantúil bunaithe ar an úsáid is éifeachtaí a bhaintear as acmhainní agus seachadadh na seirbhíse is fearr;

- **Gníomhaíochtaí, spriocanna agus tuarastail a nochtadh** – Is ceart iad seo a áireamh sa tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear tuairisc iomlán ar ghníomhaíochtaí chun aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach agus a mhéad atá príomhspriocanna agus príomhchuspóirí bainte amach. Is ceart ainmneacha agus sonraí tuarastail Bhaill reatha an Bhoird a áireamh sa tuarascáil bhliantúil chomh maith.

## 12 RÓL NA FOIRNE SINSEARAÍ/AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

- **Freagrachtaí foriomlána** – Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht agus rialú foriomlán na heagraíochta agus as Pleananna Corparáideacha agus Gnó Fhoras na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Is ceart go n-áireofaí ansin, i measc nithe eile, iompar, disciplín agus stuamacht airgeadais agus tá sé seo leagtha amach níos cruinne sa Mheamram Airgeadais. Is ceart go dtaispeánfadh an Príomhfheidhmeannach an cheannaireacht riachtanach mar a luaitear thuas lena n-áirítear cloí le prionsabail agus luachanna dualgais phoiblí. Is ceart go dtacódh Baill an Bhoird leis an bPríomhfheidhmeannach i mbainistíocht agus rialú na heagraíochta;

- **Ceannaireacht agus feidhm bainistíochta** – Ní mór don Phríomhfheidhmeannach ceannaireacht a thaispeáint mar a léirítear thuas agus féadfaidh sé/sí an eagraíocht a riar, lena n-áirítear athruithe ábhartha a dhéanamh sa structhúr bainistíochta, le comhairliúchán cuí leis an mBord, leis an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas, le Tionól Thuaisceart Éireann agus leis an Oireachtas;

- **Ról an Oifigigh Cuntasaíochta** – Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ainmnithe, atá freagrach as úsáid éifeachtach, eacnamaíoch agus éifeachtúil a bhaint as acmhainní agus as cuibheas caiteachais. Is ceart go gcinnteodh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil córais chuí i bhfeidhm agus go gcloíonn Foras na Gaeilge leis na treoracha bainteacha go léir ó na máthair-Ranna agus ón Roinn Airgeadais, nó ó Thionól Thuaisceart Éireann agus ón Oireachtas. Is ceart go gcinnteodh an Príomhfheidhmeannach go gcuirtear an chomhairle chuí ar fáil don Bhord ar na gnóthaí sin;

- **Comhairle don Bhord** – Cuirfidh an Príomhfheidhmeannach aon chomhairle a bhaineann leis an mBord ar fáil, ach go háirithe i dtaca le hoibleagáidí faoin gCód agus le rialacháin airgeadais, dlí agus eile.

## 13 CEISTEANNA A BHAINEANN LE FOSTAÍOCHT

- **Cloí le hoibleagáidí reachtacha bainteacha –** Is ceart go gcinnteodh an Bord go ndéantar de réir gach oibleagáide dlí agus go bhfostaítear baill foirne a chomhlíonfaidh a ndualgais de réir na n-oibleagáidí reachtacha go léir don eagraíocht ina hiomláine;

- **Aidhmeanna agus cuspóirí a shocrú agus a mhíniú don fhoireann –** Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht laethúil na foirne agus míneoidh sé nó sí go hiomlán na cuspóirí feidhme agus straitéiseacha mar a shocraíonn an Bord iad don fhoireann;

- **Cloí le cleachtais bhainistíochta –** Comhlíonfaidh an Príomhfheidhmeannach na hoibleagáidí go léir i dtaca le bainistíocht, cóireáil agus measúnú foirne, agus cinnteoidh sé nó sí go bhfuil bearta cuí forbartha, oiliúna agus comhairle foirne i bhfeidhm;

- **Cód Iompair foirne –** Cinnfidh an Bord ar Chód Iompair foirne atá le ceadú ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas chun ligean do bhaill foirne ábhair imní i dtaca le hiompar nó cuibheas a ardú le hoifigeach nó Ball Boird agus más gá ina dhiaidh sin le hoifigeach i máthair-Roinn;

- **Freagracht as nósanna imeachta earcaíochta agus roghnaithe –** Is ceart go gcinnteodh an Bord go leantar na nósanna imeachta earcaíochta cuí laistigh de na hoibleagáidí reachtacha, bunaithe ar fhiúntas agus comhionannas deiseanna;

- **Freagracht as rochtain ar dheiseanna oiliúna a chinntiú –** Mar atá thuas agus bainteach le baill foirne agus Baill an Bhoird;

- **Cosaint Sonraí –** Cuirfidh an Príomhfheidhmeannach comhairle ar an mBord chun a chinntiú go gcloíonn Foras na Gaeilge le hoibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí i ngach dlínse leis an gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann faoina mbunaítear na Comhlachtaí Forfheidhmithe;

- **Monatóireacht ar fheidhmiú an Phríomhfheidhmeannaigh agus príomhphearsanra eile –** Is ceart go mbeadh baill ar an eolas faoina bhfreagrachtaí i dtaca le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú príomhbhall foirne agus is ceart go gcomhaontóidís ar na próisis agus na critéir faoina n-oibreoidh siad.

## 14 AN CÓD IOMPAIR Á CHUR I bhFEIDHM

Is ceart go gcinnteodh an Bord ar Chód Iompair dá fhostaithe mar a chinntítear d’eagraíochtaí den chineál seo.

Is ceart go mbeadh fostaithe ar an eolas faoi nósanna imeachta gearáin faoin gCód Iompair d’fhostaithe mar atá cinntithe ag an mBord.

## 15 PRÓTACAL IDIR BAILL AN BHOIRD AGUS IDIR BAILL AN BHOIRD AGUS AN FHOIREANN

Tá cearta ag Baill an Bhoird agus ag an bhfoireann araon a ndualgais a chomhlíonadh chomh maith agus a fhéadfaidh siad saor ó chur isteach agus brúnna gan ghá.

Má chreideann Baill an Bhoird go bhfuiltear ag iarraidh orthu, mar phearsana aonair nó go comhchoiteann mar chuid den Bhord, cloí le polasaí nó cleachtas:

- atá neamhdhleathach, éaguibhiúil nó mí-eiticiúil;

- a sháraíonn cód gairmiúil;
- a bhféadfadh míriaradh, calaois nó mí-úsáid cistí poiblí a bheith ann;
- atá ar neamhréir leis an gCód Iompair comhaontaithe;

is ceart dóibh:

1) an gnó a ardú leis an gCathaoirleach leis an aidhm é a réiteach nó go dtabharfaí aird an Bhoird air faoi rún más mian sin;
2) athbhreithniú ar an gceist a iarraidh tríd an gCoiste Iniúchóireachta nó trí fhochoiste bainteach eile;
3) má tá sé nó sí míshásta leis an toradh i gcónaí, agus i ndiaidh do na nósanna imeachta sin a bheith déanta, an gnó a ardú i bhfoirm scríbhinne le hoifigeach ainmnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

Nó má chreideann baill foirne go bhfuiltear ag iarraidh orthu feidhmeanna a chomhlíonadh atá ar neamhréir le gnáthfheidhmeanna fostaíochta is ceart dóibh an gnó a ardú leis an maoirseoir foirne cuí, agus mura ndéantar sin é a ardú leis an bPríomhfheidhmeannach. Is féidir leis an mball foirne a iarraidh go n-ardófaí ceist go díreach leis an gCathaoirleach chun go ndéileálfaidís léi mar is rogha leo.

## 16 ATHRUITHE SA CHÓD AMACH ANSEO

Déanfaidh Foras na Gaeilge an Cód Iompair a athrú de réir mar is gá agus is cuí, agus le ceadú na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas.